Naíonra Neartaithe

De bharr chomhoibriú idir ‘Gaeilge Locha Riach’ agus ‘Muintearas’, cuireadh oiliúint speisialta breise ar fáil do na stiúrthóirí i Naíonra ‘Tigh na Sí′, i mBaile Locha Riach le deireannas.
Mar a tharla, bhí an saineolaí Máiré Uí hÉidhin ón Spidéal i láthair ag an naíonra i mBaile Locha Riach le comhairle is tacaíocht a thabhairt do na stiúrthóirí le linn uaireanta oibre an Naíonra.
Tá forbairtí móra tagtha i bhfeidhm ar Naíonra ‘Tigh na Sí’ ó réitíodh í a lonnú ag suíomh Ghaelscoil Riabhach. Is léir go bhfuil éileamh ar sheirbhís réamhscoile trí mheán na Gaeilge agus uimhreacha na ndaltaí méadaithe le tamaillín. Ní amháin sin ach cuirtear seirbhís iarscoile ar fáil ann chomh maith.
Má tá daoine ag iarraidh a thuilleadh eolais, tá gach fáilte teagmháil a dhéanamh leis an Stiúrthóir Breda ag 087 2702383.

As a result of co-operation between Gaeilge Locha Riach and Muintearas, specialized training was organized recently for the directors of Naíonra ‘Tigh na Sí’ in Loughrea.
As it happened, Máire Uí Eidhin from Spideal was on site in the Naíonra in Loughrea to share in her expertise with advice and support for the directors during working hours of the Naíonra.
There have been great developments in the Naíonra since it has relocated to the site of Gaelscoil Riabhach. It is clear that there is a great demand for pre-school eduction through the medium of Irish and numbers have been increasing of late. The naíonra also prvides an afterschool service.
If anyone would like further information, you are welcome to contact the director Breda at 087 2702383.